2024/1247

30.4.2024

CINNEADH (CBES) 2024/1247 ÓN gCOMHAIRLE

an 29 Aibreán 2024

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/1869 maidir le Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh chun tacú le hAthchóiriú na hEarnála Slándála san Iaráic (EUAM Iraq)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 42(4) agus Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 16 Deireadh Fómhair 2017, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2017/1869 ([1]), lenar bunaíodh Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh chun tacú le hAthchóiriú na hEarnála Slándála san Iaráic (EUAM Iraq).

(2) An 13 Aibreán 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/635 ([2]), lenar leasaíodh sainordú EUAM Iraq agus lena ndearnadh é a fhadú go dtí an 30 Aibreán 2024.

(3) Tar éis an athbhreithnithe straitéisigh ar EUAM Iraq, mhol an Coiste Polaitiúil agus Slándála go ndéanfaí sainordú EUAM Iraq a leasú agus a fhadú go dtí an 30 Aibreán 2026.

(4) Ba cheart Cinneadh (CBES) 2017/1869 a leasú dá réir sin.

(5) Cuirfear EUAM Iraq i gcrích i gcomhthéacs staid a bhféadfadh meath teacht uirthi agus a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach iad in Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/1869 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:

'Airteagal 2

Cuspóirí

Is iad seo a leanas cuspóirí straitéiseacha EUAM Iraq:

(1) rannchuidiú leis na gnéithe sibhialtacha d'Athchóiriú Earnáil na Slándála san Iaráic, lena n-áirítear an Straitéis Náisiúnta Slándála, straitéisí náisiúnta gaolmhara agus tosaíochtaí slándála náisiúnta eile, trí chomhairle agus cúnamh straitéiseach;

(2) comhleanúnachas ghníomhaíocht an Aontais a áirithiú chun tacú leis na hiarrachtaí chun freastal ar riachtanais Athchóiriú Earnáil na Slándála sibhialta trí dheiseanna breise ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus cúigeach a shainaithint, a anailísiú agus a mheasúnú agus, in éineacht le Toscaireacht an Aontais, tacaíocht an Aontais agus na mBallstát a chur ar an eolas agus a éascú.';

(2) in Airteagal 14(1), cuirtear an fhomhír seo a leanas i ndiaidh an cheathrú fomhír:

'Is é EUR 65 902 359,21 bheidh sa mhéid tagartha airgeadais chun an caiteachas a bhaineann le EUAM Iraq a chumhdach don tréimhse ón 1 Bealtaine 2024 go dtí an 30 Aibreán 2026.';

([1]) Cinneadh (CBES) 2017/1869 ón gComhairle an 16 Deireadh Fómhair 2017 maidir le Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh chun tacú le hAthchóiriú na hEarnála Slándála san Iaráic (EUAM Iraq) (IO L 266, 17.10.2017, lch. 12).

([2]) Cinneadh (CBES) 2022/635 ón gComhairle an 13 Aibreán 2022 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/1869 maidir le Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh chun tacú le hAthchóiriú na hEarnála Slándála san Iaráic (EUAM Iraq) (IO L 117, 19.4.2022, lch. 32).

(3) in Airteagal 17, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír:

'Beidh feidhm aige go dtí an 30 Aibreán 2026.'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 29 Aibreán 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

D. CLARINVAL